



Scan an cód QR
chun an fiseán a
fheiceáil



Pregnancy Loss
Research Group

Breith anabaí athfhillteach - Eolas agus treoir

Dia daoibh, is mise XXXXXX XXXXXXX, agus tá mé ag obair mar XXXXX in LÁTHAIR

Inniu, tá mé ag iarraidh labhairt leat maidir le breith anabaí – rud a ghoilleann go mór ar dhaoine.

Agus, má tharlaíonn sé níos mó ná uair amháin, bíonn sé an-deacair ort féin agus ar do pháirtí.

Is é is breith anabaí athfhillteach ann ná dhá bhreith anabaí nó níos mó, i ndiaidh a chéile, roimh 12 sheachtain toirchis.

Tarlaíonn breith anabaí athfhillteach do thimpeall 1 as gach 100 bean.

Atreorú chuig clinic speisialtóra

Ba cheart tú a atreorú chuig clinic um breitheanna anabaí athfhillteacha, áit a bhfaigheadh tú tástálacha, tacaíocht agus cóireáil speisialtóra.

Is féidir atreorú a shocrú chuig clinic um breitheanna anabaí athfhillteach trí do dhochtúir teaghlaigh (GP) nó tríd an ospidéal.

Mura bhfuil aon chlinic um breitheanna anabaí athfhillteach i do cheantar, féadfaidh do dhochtúir teaghlaigh nó d'ospidéal tú a atreorú chuig dochtúir nó bean chabhrach speisialtóra ag d'ospidéal máithreachais nó d'aonad máithreachais áitiúil.

Ritheann dochtúirí agus mná cabhracha speisialtóra clinic um breitheanna anabaí athfhillteacha a bhfuil go leor taithí acu ag obair le mná óna dteastaíonn an cúnamh seo.

Tógfaidh siad do stair leighis agus labhróidh siad faoi shonraí do bhreith anabaí.

D'fhéadfaí roinnt imscrúduithe a mholadh, cosúil le tástálacha fola nó scanadh. Labhróidh siad freisin faoi do phleananna do thoircheas eile.

Imscrúduithe agus cóireáil

D'fheadfadh tástálacha tosú tar éis dhá bhreith anabaí i ndiaidh a chéile, bunaithe ar stair aonair agus tosca riosca.

Ní dhéantar tástálacha áirithe ach tar éis an tríú breith anabaí.

Ba cheart go mbeadh tú féin agus do dhochtúir nó bean chabhrach – ag obair le chéile – páirteach sa chinnteoireacht maidir le tástálacha.

Bí ar an eolas nach bhfaightear cúis nó tosca riosca sonracha do bhreith anabaí i dtimpeall leath de na cásanna.

Braithfidh na roghanna cóireála ar do dhiagnóis shonrach. Maidir le bail cosúil le siondróm frith-fhosfailipide agus galar tíoróideach, ordóidh do dhochtúir nó do bhean chabhrach cógais duit.

Má bhíonn athchóirithe crómasómacha ag gabháil duit féin, agus do pháirtí, d'fheadfadh do dhochtúir nó do speisialtóir breathnú ar roinnt roghanna cóireála eile.

I gcásanna nach féidir cúis na breithe anabaí a aimsiú, d'fheadfaí smaoineamh ar chógais cosúil le dáileog ard d'aigéad fólach, aspairín, próigeistéarón, nó tanaitheoirí fola.

B'fhéidir gur chuala tú faoi chóireálacha eile ach b'fhéidir nach dtairgfí duit iad.

Is í an chúis leis sin go mb'fhéidir nach bhfuil ach fianaise theoranta ann gur féidir leis na cóireálacha beartaithe riosca breith anabaí amach anseo a laghdú.

Agus i roinnt cásanna, b'fhéidir go ndéanfadh na cóireálacha sin dochar.

Toircheas amach anseo

Bíonn toircheas tar éis breith anabaí athfhillteach dúshlánach.

Is iondúil go mbeidh áirithint agat i gclinic réamhbhreithe le lia comhairleach le haghaidh cuairteanna agus seiceálacha leanúnacha. Ba cheart duit cúram tacúil, pleananna toirchis tráthúla, agus scrúduithe ultrafhuaimne a fháil ag tús an toirchis.

Laghdaítear an seans go dtarlóidh breith anabaí eile nuair a fhaigheann mná cúram tacúil in aonad measúnaithe luath-toirchis.

Páirtithe

Eispéireas an-deacair a bhíonn i mbreith anabaí do lánúin.

Is minic a thugtar neamhaird ar mhothúcháin an pháirtí mar go nglacann daoine leis nach mbíonn an oiread sin tionchar ar an bpáirtí agus go gcaithfidh siad fanacht láidir.

Ar deireadh ...achoimre

Tá sé an-tábhachtach am agus spás a fháil le chéile le labhairt faoi bhur n-eispéireas agus bhur mothúcháin.

Tá seirbhísí tacaíochta agus comhairleoireachta ar fáil duit féin agus do do pháirtí.

Go raibh míle maith agat as breathnú agus seo roinnt foinsí eile eolais agus tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith úsáideach.

TABHAIR CUAIRT AR:

Pregnancy and Infant Loss Ireland: www.pregnancyandinfantloss.ie

Cork Miscarriage Website: www.corkmiscarriage.com

Miscarriage Association of Ireland: www.miscarriage.ie

Pregnancy Loss Research Group: www.ucc.ie/pregnancyloss